Ráiteas Straitéiseach

Roinn Oideachais agus Scileanna

Meitheamh 2016

Cúlra:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

Seo a leanas roinnt moltaí maidir leis an dréacht-ráiteas straitéiseach:

1. Polasaí Oideachais Gaeltachta
2. Tábhacht le Foghlaim Teangacha
3. Tábhacht na Gaeilge agus deiseanna fostaíochta / Riachtanais an Todhchaí
4. Sainriachtanais
5. Rogha do thuismitheoirí
6. Scéim páirt-thumoideachas
7. Luathbhlianta
8. Teastas Sóisearach
9. Cúrsaí Tríú Leibhéal
10. Múineadh na Gaeilge

Moltaí:

1. Polasaí Oideachais Gaeltachta

Rinneadh cuid mhór oibre ar chomhairliúchán maidir le Polasaí Oideachais Gaeltachta, polasaí atá ag teastáil go gear ar scoileanna Gaeltachta faoi láthair. Níl aon rud luaite istigh sa Ráiteas Straitéise faoin Pholasaí seo, cén uair a foilseofar é nó cad iad na céad céimeanna eile leis an obair seo a chur i gcrích. Ba chóir go bhfoilseofar an polasaí seo a luaithe agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil leis an pholasaí seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tá siollabas nua luaite sa Ráiteas Straitéiseach do chorpoideachas i scoileanna mar gheall go n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le folláin agus sláinte. Níl aon fáth ann nach féidir amhlaidh a dhéanamh do scoileanna Gaeltachta nó do dhaltaí a bhfuil an Ghaeilge acu mar theanga baile.

2. Tábhacht le Foghlaim Teangacha

Tá an-tábhacht bainte le foghlaim teangacha go ginearálta ag gach leibhéal sa chóras oideachais agus ba chóir go n-aithneofar sin in san Ráiteas Straitéiseach. Cé go bhfuil an-bhéim ar STEM faoi láthair tá sé tábhachtach nach ndéanfar neamhaird ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim teangacha sa churaclam mar gheall ar na buntáistí breise oideachais a bhaineann leo agus mar gheall ar na deiseanna fostaíochta a chruthófar dár bharr. Is féidir cur chuige ‘STEAM’ (Science Technology Engineering Arts and Maths) nó ‘STEML’ (Science Technology Engineering Maths and Languages) a úsáid le seo a chur i gcrích .i. tábhacht foghlaim teangacha a chur san áireamh le

3. Tábhacht na Gaeilge agus deiseanna fostaíochta / Riachtanais an Todhchaí

Agus pleanáil a dhénamh ar na scileanna a bheas de dhíth sa todhchaí tá sé tábhachtach go gcuirfear na riachtanais Gaeilge san áireamh. Is gá é seo a dhéanamh le folúntais i gcuid mhór earnálacha a líonadh amach anseo agus le deiseanna eile a chruthú do dhaoine. Mar

shampla, agus i bhfad níos mó deiseanna fostaíochta anois ar fáil san Aontas Eorpach do dhaoine le ard-chaighdeán Gaeilge, ba chóir go gcuirfear tuilleadh béim ar an Ghaeilge le cinntiú go mbeidh daoine inniúil bheith ag cur isteach ar na folúntais seo.

4. Sainriachtanais

Tá freastal ar sainriachtanais oideachais luaite sa Ráiteas Straitéiseach ach níl aon rud luaite faoi sainriachtanais oideachais i nGaelscoileanna. Is gá cinntiú go bhfuil na háiseanna agus an tacaíocht cuí ar fáil ag gach pointe sa chóras le freastal sásúil a dhéanamh ar riachtanais dalta a bhfuil sainriachtanais orthu in earnáil na Gaelscolaíochta.

5. Rogha do thuismitheoirí

Creideann 72% den daonra ó dheas gur chóir go mbeadh Gaeloideachas ar fáil dóibh siúd ar mhaith leo é. Ba chóir go mbeadh an rogha seo ar fáil do thuismitheoirí cibé áit ina bhfuil siad sa tír agus pleanáil a dhéanamh ar an eastát scoileanna dá réir. Faoi láthair tá ró-éileamh in áiteanna uirbeacha do Ghaelscolaíocht agus an t-éileamh seo ag méadú le linn na hama. Is gá cur chuige fad-tearmach a chur i bhfeidhm le freastal ar an éileamh seo.

6. Scéim páirt-thumoideachas

Anuraidh bhí Scéim Píolóta Páirt-tumoideachais luaite i dTuarascáil Bhliantúil de chuid an Roinn Oideachais, agus dúradh go raibh an scéim ar siúl i seacht scoil. Ó shin, níl aon scéal cloiste maidir leis an scéim seo, cad é mar a d'éirigh leis nó na céad céimeanna eile maidir leis an scéim seo a chur i bhfeidhm. Is iomaí buntáiste a bheadh ag baint le scéim mar seo agus ba chóir tuilleadh oibre a dhéanamh ar an scéim seo go luath.

7. Luathbhlianta

Tá tábhacht na luathbhlianta luaite seo Ráiteas Straitéiseach ach níl aon rud luaite faoin Ghaeilge nó faoin tumoideachas ag an leibhéal seo. Tá oiliúint Ghaeilge agus oiliúint tumoideachais de dhíth d'earnáil na luathbhlianta le freastal ar riachtanais na bpáistí ag an aois seo agus ba chóir é seo a dhéanamh mar gheall ar na buntáistí a bhaineann le foghlaim teangacha sna luathbhlianta agus mar gheall ar an difear gur féidir le dhá bhliain do thumoideachas roimh an scoil a dhéanamh d'oideachas an pháiste.

8. Teastas Sóisearach

Anois go bhfuil sonraíocht nua ann don Ghaeilge atá ag teacht i bhfeidhm i Meán Fómhair 2017, is gá cinntiú go bhfuil na hacmhainní agus an tacaíocht cuí ar fáil do daltaí agus do mhúinteoirí don dhá sonrúchán nua. Ba chóir go mbeadh an rogha ag scoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht daltaí a chur isteach do cheann ar bith de na scrúduithe seo, ag bráth ar an leibhéil Gaeilge atá acu. Bheadh sé seo níos cothroime do dhaltaí le Gaeilge taobh amuigh den Ghaeilge gur mhaith leo a léiriú go bhfuil ard-chaighdeán Gaeilge acu. Leis an chur chuige seo a dhéanamh éifeachtach agus fiúntach is gá leanúint leis seo ag leibhéal Ardteiste fosta. Ní fiú an deis seo a thabhairt ag leibhéal sóisearach mura bhfuil siad in ann tógáil air ag leibhéal Ardteiste.

9. Cúrsaí Tríú Leibhéal

Tá iniúchadh agus taighde ag teastáil ar na cúrsaí tríú leibhéal atá ar fáil sa tír trí Ghaeilge nó/agus le gné Gaeilge mar chuid den chúrsa. Ba chóir go bhfuil cúrsaí ar fáil a bhfuil éileamh orthu trí Ghaeilge le réimse leathan scileanna mhúineadh in earnálacha éagsúla ar nós dlí, leigheas agus na meáin cumarsáide.

10. Múineadh na Gaeilge

Tá polasaí cuimsitheach de dhíth ar an Roinn Oideachais agus Scileanna do mhúineadh na Gaeilge ó naíolann go dtí an tríú leibhéal. Is gá ardchaighdeán Gaeilge a chinntiú ag gach leibhéal leis an éispéireas oideachais is fearr a thabhairt do dhaltaí. Caithfear caighdeán na Gaeilge a mheas ag deireadh chúrsaí múinteoireachta ar bhealach atá éifeachtach agus cothrom do mhic léinn. Is féidir an córas TEG a úsáid le caighdeán an mhúinteora a mheas sa bhealach seo.